C/2026/5123

1.10.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12435 — GIM / EFMS / AES)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/5123)

1. An 23 Meán Fómhair 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Global Infrastructure Management, LLC ('GIM', na Stáit Aontaithe), faoi rialú BlackRock, Inc. (Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— EQT Fund Management S.à r.l. ('EFMS', Lucsamburg), faoi úinéireacht EQT Group (an tSualainn),

— The AES Corporation ('AES', Stáit Aontaithe Mheiriceá).

Gheobhaidh GIM agus EFMS rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar AES ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is é GIM bainisteoir ciste bonneagair neamhspleách domhanda Global Infrastructure Partners ('GIP'), a dhíríonn go príomha ar infheistíocht a dhéanamh in earnálacha an iompair, an fhuinnimh, na dramhaíola, an uisce agus an bhonneagair dhigitigh,

— Is é EFMS bainisteoir cistí infheistíochta malartacha EQT Infrastructure VI, agus díríonn sé ar infheistíocht a dhéanamh in earnálacha éagsúla, amhail fuinnimh agus an chomhshaoil, iompair agus lóistíochta, agus dhigiteach,

— Is cuideachta giniúna cumhachta agus fóntais domhanda é AES.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]) a cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12435 — GIM / EFMS / AES

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË